

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi chúrsa céime a bheith á aistriú ón gCeathrú Rua isteach go campas na hollscoile i nGaillimh. Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht na leaganacha Gaeilge a cheangal leis na leaganacha Béarla thíos.

1. céim	a. a group
2. buille tubaisteach	b. business people
3. dúiche	c. cutbacks
4. á reáchtáil	d. economy
5. céimithe	e. to entice
6. díomá	f. a degree
7. a mhealladh	g. graduates
8. dream	h. a spokesperson
9. geilleagar	i. an area
10. lucht gnó	j. disappointment
11. ciorruithe	k. a severe blow
12. urlabhraí	l. being run

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Ceist 2

Beifear ag plé na gcúiseanna atá le haistriú an chúrsa céime ón gCeathrú Rua go cathair na Gaillimhe. Sula n-éistean tú leis an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cé acu ab fhearr leat féin – do chúrsa céime a bhaint amach i mbaile beag i gConamara nó i bpríomhchampas na hOllscoile sa chathair? Cén fáth?
2. Cé acu is fearr leatsa ag an tráth seo de do shaol – a bheith i do chónaí faoin tuath nó sa chathair? Cén fáth?
3. An mbeadh spéis agat cúrsa ollscoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge? Cén fáth?

Ceist 3

Anois féach ar an mír agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cén t-eolas a thugtar sa mhír faoin gcúrsa?
2. Cad iad na cúiseanna atá leis an aistriú?
3. Cén fáth a ndeir daoine áirithe gur buille tubaisteach don cheantar atá ann?

Ceist 4

Is minic a bhíonn slite difriúla sna canúintí difriúla chun rudaí a rá. Bhí go leor samplaí sa mhír den uimhir iolra ar leith a úsáidtear i gcanúint Chonnacht, cuir i gcás. Féach ar na leaganacha Connachtacha thíos agus déan iarracht leagan eile a chur ar fáil (leagan caighdeánach nó leagan atá bainteach le canúint éigin eile).

Leaganacha Connachtacha

1. na háiseannaí
2. na clubannaí
3. na deiseannaí
4. ag breathnú
5. caithfidh muid
6. sa gcumarsáid

Eile

Ceist 5

An dtuigeann tú an difríocht idir 'isteach' agus 'istigh' nó idir 'amach' agus 'amuigh'? Féach ar na samplaí seo ón mír:

“Tá an t-aon chéim ollscoile a bhí á teagasc...le haistriú isteach go dtí campas na hollscoile sa Ghaillimh.”

“Ní bheidh cumas na Gaeilge mar a chéile ag an dream istigh nuair a aistroidh an cúrsa seo isteach.”

Úsáidtear 'isteach' / 'amach' nuair atá gluaiseacht i gceist agus 'istigh' / 'amuigh' nuair nach bhfuil gluaiseacht i gceist. Bain triail as an ngníomhaíocht thíos.

1. An bhfuil tú ag dul _____ anocht? (*Are you going out tonight?*)
2. Tá na leanaí _____ ag imirt sa ghairdín. (*The kids are out playing in the garden.*)
3. Abair leis na leanaí dul _____ ag imirt sa ghairdín. (*Tell the kids to go out and play in the garden.*)
4. Tar _____. Tá fáilte romhat. (*Come in. You're welcome.*)
5. Chuaigh mé ar do thuairisc inné ach ní raibh aon duine _____. (*I went to visit you yesterday but there was nobody in.*)

Ceist 6

Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad a cheap tú de mhír na seachtaine seo? Cad a bhí deacair agus cad a bhí éasca mar gheall air?
2. *Ceist do dhaoine nach ón nGaeltacht iad:* An raibh tú riamh sa Ghaeltacht? Má bhí, déan cur síos ar an am a chaith tú ann. Mura raibh, abair an mbeadh spéis agat dul ann nó nach mbeadh agus tabhair cúiseanna le do fhreagra.
3. *Ceist do mhuintir na Gaeltachta:* An dóigh leat gur rud maith é mic léinn a bheith ag teacht chun na Gaeltachta chun cúrsaí Gaeilge a dhéanamh? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
f	k	i	l	g	j	e	a	d	b	c	h

Ceist 2

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun na ceisteanna seo a fhreagairt.

Ceist 3

1. Céim BA sa Chumarsáid atá i gceist a mbeidh dhá ábhar le déanamh ann. Beidh an Ghaeilge mar cheann de na hábhair sin. Féadfaidh céimithe dul ag múinteoireacht ag an dara leibhéal agus an Ghaeilge a bheith acu mar ábhar teagaisc.
2. Táthar ag súil le breis mac léinn a mhealladh. Beidh níos mó seans ar mhic léinn a mhealladh chuig campas mór a mbeidh cumainn, clubanna agus saol sóisialta ann do mhic léinn chomh maith le háiseanna níos fearr.
3. Deir cuid den lucht gnó gur buille tubaisteach a bheidh ann dóibh mar gur buntáiste mór dóibh é mic léinn agus teagascóirí a bheith ar an mbaile agus ag fanacht i lóistín go háitiúil.

Ceist 4

Leaganacha Connachtacha

1. na háiseannaí
2. na clubannaí
3. na deiseannaí
4. ag breathnú
5. caithfidh muid
6. sa gcumarsáid

Eile

- na háiseanna
na clubanna
na deiseanna
ag féachaint (M) / ag amharc (U)
caithfidh
sa chumarsáid

Ceist 5

1. An bhfuil tú ag dul amach anocht? (*Are you going out tonight?*)
2. Tá na leanaí amuigh ag imirt sa ghairdín. (*The kids are out playing in the garden.*)
3. Abair leis na leanaí dul amach ag imirt sa ghairdín. (*Tell the kids to go out and play in the garden.*)
4. Tar isteach. Tá fáilte romhat. (*Come in. You're welcome.*)
5. Chuaigh mé ar do thuairisc inné ach ní raibh aon duine istigh. (*I went to visit you yesterday but there was nobody in.*)

Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Tá an t-aon chéim ollscoile a bhí á teagasc in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua, i gConamara, le haistriú isteach go dtí campas na hOllscoile sa Gaillimh¹. Buille tubaisteach atá ann don dúthaigh² a deir roinnt de lucht gnó na Ceathrún Rua.

Irene Ní Nualláin

Tá sé socraithe an chéim BA sa gCumarsáid³ a bhíodh á reáchtáil go dtí seo ar an gCeathrú Rua a aistriú chuig campas Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Céim dhá ábhar a bheidh sa gcéim⁴ seo feasta agus beidh deis ag céimithe dul le múinteoireacht agus an Ghaeilge a bheith acu mar ábhar teagaisc ag an dara leibhéal.

Uinsionn Mac Dubhghaill

Tuigim go mbeadh díomá ar dhaoine go háitiúil faoin gcinneadh seo ach caithfidh muide⁵ breathnú go náisiúnta, caithfidh muide mic léinn a mhealladh go náisiúnta agus an mac léinn atá ag smaoineamh ar chúrsa céime a dhéanamh, tá sé ag breathnú ar an teagasc, tá sé ag breathnú ar na háiseannaí⁶, tá sé ag breathnú ar na clubannaí⁷, ar na cumainn, ar na deiseannaí⁸ sóisialta san oíche agus mar sin de. Mar sin, pacáiste iomlán. Agus caithfidh muide dul ag troid chun mic léinn a mhealladh chugainn ar an gcaoi sin.

Aoife Ní Chonghaile

Ní bheidh cumas na Gaeilge mar a chéile ag an dream istigh nuair a aistroidh an cúrsa seo isteach, mar gheall... anseo táimid ag déanamh chuile⁹ shórt trí mheán na Gaeilge agus nuair a bheidh sé istigh ar an bpríomhchampas, cheapfainn nach mbeidh an fheidhm chéanna ag an nGaeilge is atá amuigh anseo.

Irene Ní Nualláin

Buille mór do gheilleagar na háite é an scéala seo dar le roinnt de lucht gnó an bhaile.

Rónán Ó Sé

Bheinn an-díomách faoi mar is buntáiste mór do na gnóannaí¹⁰ timpeall na háite an tAcadamh¹¹ agus na mic léinn a thagann ann. Agus chomh maith leis sin don dream lóistín a chuireann lóistín ar fáil dóibh nuair a fhanann siad amuigh. Is cúis mhór bhróin é go bhfuil siad ag imeacht as.

Irene Ní Nualláin

Ó 2008 i leith rinneadh ciorruithe móra ar bhuiséad reatha an Acadaimh. Stop Údarás na Gaeltachta an scéim dheontais a bhí acu do mhic léinn an Acadaimh agus cailleadh aon duine dhéag den fhoireann oibre anseo. Ach dúirt urlabhraí ón Ollscoil nach gcuirfidh an t-athstruchtúr seo as d'lonad na Ceathrún Rua ná do chúrsaí fostaíochta ansin. Tá sé i gceist acu forbairt a dhéanamh ar ghearrchúrsaí san Acadamh agus go mbeidh 150 mac léinn ag caitheamh seimeastar iomlán sa nGaeltacht¹² in aghaidh na bliana faoi cheann cúig bliana.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4 ar an gCeathrú Rua i gContae na Gaillimhe

¹ Deirtear sa *Gaillimh* i gcanúint na Mumhan; i *nGaillimh* a deirtear sna canúintí eile.

² *dúiche* an leagan caighdeánach

³ Córas Chonnacht

⁴ Córas Chonnacht

⁵ *muidne* an leagan caighdeánach

⁶ *áiseanna* an t-íolra caighdeánach

⁷ *clubanna* an t-íolra caighdeánach

⁸ *deiseanna* an t-íolra caighdeánach

⁹ *gach uile* an leagan caighdeánach

¹⁰ *gnóthaí* an t-íolra caighdeánach

¹¹ *an Acadamh* a deirtear sa mhír

¹² Córas Chonnacht